**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

# Faisnéis Airgeadais d'Fhoireann na Scrúduithe atá ar Conradh – 2025

1. Rátaí na dTáillí
2. Sonraí do Chuntais Bainc
3. Taisteal agus Cothabháil
4. Nuachóiriú ÍMAT
5. An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)
6. Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí
7. Á.S.P.C.
8. Foirmeacha Cuntais
9. Íocaíocht na dTáillí
10. Íocaíochtaí Eile

## 1. Rátaí na dTáillí

Tá ardú carnach 4.3% in 2025 ar rátaí íocaíochta Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) le haghaidh foireann ar conradh, rud atá ag teacht le "Building Momentum", comhaontú pá na seirbhíse poiblí. Cuirtear arduithe pá san earnáil phoiblí i bhfeidhm go cúlghabhálach ar rátaí na foirne ar conradh i ngeall ar nádúr na socruithe conartha sin. Déanfaidh CSS asbhaintí reachtúla ó íocaíochtaí de réir mar is cuí.

## 2. Sonraí do Chuntais Bainc

Nuair a gheobhaidh tú litir cheapacháin, más ceapachán nua agat é nó más mian leat na sonraí i dtaca le do chuntas bainc atá ag CSS cheana a athrú (an uair sin nó am ar bith le linn thréimhse do chonartha), íoslódáil an fhoirm 'Sonraí Bainc', le do thoil, agus comhlánaigh í. Tá sí le fáil sa rannóg 'Eolas don Fhoireann ar Conradh' ar shuíomh gréasáin CSS, anseo. Cuir sa phost láithreach í chuig Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65.

## 3. Taisteal agus Cothabháil

Is de réir na rialachán a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála le foireann na scrúduithe atá ar conradh.

Is achoimre ar na rialacháin é seo a leanas ach ní chlúdaítear gach uile shonra ann. Arna cheapadh dóibh ar conradh leis an CSS, tabharfar breis eolais don fhoireann agus le linn dóibh a bheith sa ról. Na speansais bhailí fhaofa a íocfar leis an bhfoireann a bheidh ar conradh le linn scrúduithe 2025, is de réir rátaí foilsithe na seirbhíse poiblí a íocfar iad agus ní dhéanfar aon asbhaint.

**Fad na dTuras a Thabhaíonn Liúntas a Áireamh**
Áirítear costais taistil agus liúntais chothabhála de réir na nithe seo a leanas mar atá siad leagtha síos i rialacháin na seirbhíse poiblí:

- **Baile:** do ghnátháit chónaithe

- **Ceanncheathrú:** do ghnátháit oibre mar mhúinteoir, i.e. an scoil ina bhfuil tú ag múineadh faoi láthair

- **An áit ina gceaptar thú:** an áit nó na háiteanna a leagtar amach duit le haghaidh chomhlíonadh do dhualgas scrúdúcháin (ionad comhdhála/cruinnithe, ionad scoile, ionad marcála, etc.).

  Ní íoctar liúntais taistil agus chothabhála ach amháin nuair is gá a bheith ar shiúl ón gceanncheathrú agat. Ba chóir turais a phleanáil ar mhaithe le héifeachtacht agus chun an méid taistil a choinneáil chomh híseal agus is féidir. **Ba chóir an taisteal oifigiúil go léir a dhéanamh ar na bealaí praiticiúla is giorra agus ar an modh iompair praiticiúil is saoire.** Is de réir an fhaid **is giorra** go dtí an láthair shannta / na láithreacha sannta – is é sin, ón teach nó ón gceanncheathrú – a ríomhtar costais taistil agus liúntais chothabhála. **I gcás múinteoirí nach bhfuil ag teagasc, déanfar an ríomh ar fad bunaithe ar an seoladh baile.**

**D'fhéadfaí** liúntas thar oíche a íoc má bhíonn ort oíche a chaitheamh as baile in áit atá níos mó ná 100 ciliméadar ó do theach nó ó do cheanncheathrú, cibé acu is gaire.

**Liúntais Chothabhála**

- Tréimhse 24 uair an chloig a chuimsítear leis an **Liúntas Oíche** agus tá sé iníoctha le linn thréimhse na scrúduithe.

- Beidh na hathruithe seo a leanas i bhfeidhm i gcás an ráta thar oíche ón **29 Eanáir 2025**. Ardófar an ráta thar oíche ó €195 go €205.53.

- Ó tharla gur féidir leis a bheith deacair cóiríocht a fháil i mBaile Átha Cliath laistigh den ráta caighdeánach, féadann tú cur isteach ar ráta cóiríochta dearbhaithe i gcás turais riachtanacha thar oíche i mBaile Átha Cliath de réir Chiorclán 06/2017 a d'eisigh Roinn an Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I gcásanna dá leithéid, is é a bheidh sa Ráta Cóiríochta Dearbhaithe ná costas dearbhaithe na cóiríochta suas go teorainn an ghnáthráta oíche €195.00 **móide** €42.99, ach é sin ardaithe go €205.53 **móide** €46.17 ón 29 Eanáir 2025.

- Ní mór fianaise dhearbhaithe le costais na cóiríochta a chur ar fáil nuair a bheidh Ráta Cóiríochta Dearbhaithe á éileamh.

- Sa chás go bhfaigheann duine cóiríocht atá ar chostas níos airde ná an gnáthráta thar oíche nó an ráta cóiríochta dearbhaithe, cibé acu is cuí, beidh an duine sin féin freagrach as na costais bhreise chóiríochta a íoc.

**Costais taistil**

- Má éilíonn tú liúntas oíche le linn do cheapacháin, **ní bheidh an costas taistil idir an t-ionad ina gceaptar thú agus do lóistín sealadach in-aisíoctha**.

Féadtar costais chothabhála a íoc leat má bhíonn tú ag obair ar shiúl ón ngnáthláthair agat.

**Rátaí lae**

Ní féidir liúntas cothabhála lae a íoc ach amháin sa chás go mbeidh tú imithe (ar feadh tréimhse níos giorra ná ceann a mbeadh cóiríocht thar oíche i gceist léi):

- in áit atá ar a laghad 8 gciliméadar ón teach nó ón gceanncheathrú agat (cibé acu is gaire)
- ar feadh ar a laghad 5 uair an chloig.

**Tá dhá chineál ráta lae ann:**

- Liúntas lae fhada – 10 n-uair an chloig nó níos mó – €42.99
- Liúntas lae ghairid – 5 uair an chloig go dtí 10 n-uair an chloig – €17.92

Beidh na hathruithe seo a leanas i bhfeidhm i gcás an liúntais lae fhada agus an liúntais lae ghairid ón 29 Eanáir 2025:

- Ardófar an liúntas lae fhada ó €42.99 go €46.17.
- Ardófar an liúntas lae ghairid ó €17.92 go €19.25.

**Rátaí thar oíche**

Is é €195 an liúntas thar oíche. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbeidh ardú i bhfeidhm ar an liúntas thar oíche, ó €195 go €205.53, ón **29 Eanáir 2025**.

Bunaítear gach cinneadh maidir le liúntais agus costais taistil a íoc ar an mbonn go ndéanfar 'gach íocaíocht taistil agus chothabhála a ríomh ar an tslí is éifeachtaí is féidir' de réir rialacháin na Roinne Airgeadais. Úsáidtear teaglaim nithe chun na costais chothabhála agus taistil atá iníoctha a chinneadh, mar atá, am tosaigh agus am críochnaithe an scrúdaithe nó na seisiún scrúdúcháin/na gcomhdhálacha, modhanna ríofa tréimhsí taistil agus fad atá ar fáil go leictreonach agus aon eolas ábhartha eile ar an bhFoirm Chuntais.

Is i gcomhthéacs na rialacha agus na rialachán atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais a dhéanann CSS an cinneadh deiridh i dtaca le gach éileamh ar chostais Taistil agus Chothabhála a íoc. I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh difríochtaí ann idir na méideanna a éilítear agus na méideanna a íoctar ar deireadh thiar.

**Costais Taistil**

- Más amhlaidh go bhfuil comhdhálacha á gcur ar fáil go digiteach in 2025, ní bheidh costais taistil i gceist.

- Chun críoch gach taistil eile, ní cheadófar ach an táille ar ghnáth-thicéad traenach. Ní mór admhálacha a sholáthar i dtaca le costais iompair phoiblí a thabhaítear. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach gceadófar ach an táille ar ghnáth-thicéad traenach.

- Mura féidir iompar poiblí a úsáid nó más gá taisteal i ngluaisteán de bharr nádúr na hoibre, is féidir rátaí taistil gluaisteáin a íoc.

- De réir rialacháin na Seirbhíse Poiblí, is iad seo a leanas na rátaí taistil gluaisteáin a bheidh i bhfeidhm do scrúduithe 2025:

**Rátaí Taistil Gluaisteáin in aghaidh an chiliméadair**

| **Bandaí Faid** | | **Méid Innill suas go 1200cc** | **Méid Innill 1201cc go 1500cc** | **Méid Innill 1501cc agus os a chionn** |
|---|---|---|---|---|
| Banda 1 | 0 – 1,500 km | 41.80 cent | 43.40 cent | 51.82 cent |
| Banda 2 | 1,501 – 5,500 km | 72.64 cent | 79.18 cent | 90.63 cent |
| Banda 3 | 5,501 – 25,000 km | 31.78 cent | 31.79 cent | 39.22 cent |
| Banda 4 | 25,001 km agus os a chionn | 20.56 cent | 23.85 cent | 25.87 cent |

**Tabhair do d'aire:** Tá an ráta le haghaidh Feithiclí Leictreacha á shocrú ar an ráta céanna leis an gcatagóir láir, **1201 go 1500 cc**.

**Tabhair do d'aire**: Déanfar na bandaí a chur i bhfeidhm ar gach foirm chuntais a fhaightear de réir an oird ina dtagann na foirmeacha cuntais isteach chuig an Rannóg Airgeadais.

Is chuig financial@examinations.ie is cóir fiosrúcháin faoi íocaíochtaí a sheoladh.

**Táillí Dola**
Má éilítear táillí dola, ba chóir admháil nó ráiteas a chur leis an éileamh ar a dtaispeántar an dáta, an t-am agus an costas. **NÍ DHÉANFAR AON ÍOCAÍOCHT MURA gCUIRTEAR ISTEACH ADMHÁLACHA.**

**Turais Neamhchaighdeánacha**
Má dhéantar éileamh ar íocaíocht as turais neamh-chaighdeánacha, ní mór faomhadh scríofa an Bhainisteora Scrúduithe agus Measúnaithe ábhartha a chur in éineacht leis an éileamh.

**Comhiomlánú an Mhíleáiste**
Má oibríonn duine le haghaidh níos mó ná comhlacht poiblí amháin agus má íocadh an ráta mícheart leis nuair a chuirtear i gcuntas na ciliméadair charnacha a taistealaíodh ag deireadh na bliana féilire, is féidir éileamh i leith mhéid na difríochta a chur faoi bhráid an phríomhfhostóra. Más é CSS an príomhfhostóir ní mór duit an fhoirm éilimh agus an dearbhú a chomhlánú. Is féidir

iad a íoslódáil ónár suíomh gréasáin ag an seoladh www.examinations.ie faoi 'Eolas don Fhoireann ar Conradh'. Ní mór tuairisc scríofa ar líon na gciliméadar a taistealaíodh, agus ar an ráta a d'íoc gach fostóir seirbhíse poiblí eile don bhliain a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh ina leith, a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm chomhlánaithe. Déanfaidh CSS na héilimh sin a phróiseáil ag deireadh na bliana féilire. Má theastaíonn uait tuairisc a fháil ina bhfuil líon na gciliméadar a taistealaíodh agus an ráta a d'íoc CSS, tá sin ar fáil ar iarratas sa ríomhphost chuig an seoladh financial@examinations.ie.

Chomh maith le sonraí faoi ÍMAT, MSU agus ÁSPC a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim, faoin Acht Airgeadais, 2022, ní mór d'fhostóirí sonraí faoi íocaíochtaí taistil agus cothabhála chuig fostaithe a thuairisciú ón 01 Eanáir 2024. Mar a bhí roimhe seo, ní dhlitear cáin ar chostais taistil agus chothabhála.

## 4. Nuachóiriú ÍMAT

### Creidmheasanna Cánach

Mar gheall ar thuairisciú fíor-ama d'íocaíochtaí a dhéantar leis an bhfoireann ar conradh a thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach (Nuachóiriú ÍMAT) ón 1 Eanáir 2019, ní mór do CSS **Scoithphointe an Ráta Chaighdeánaigh** agus **Creidmheasanna Cánach** a chur i bhfeidhm mar atá treoraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ag am eisithe na híocaíochta. Lorgóidh CSS na sonraí is déanaí do gach fostaí ag uair na híocaíochta ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tá dualgas ar CSS asbhaintí ÍMAT agus MSU a ríomh i gcomhréir le treoracha na gCoimisinéirí Ioncaim.

### Réamhíocaíochtaí

Ní mór do CSS na hasbhaintí reachtúla uile a chur i bhfeidhm, i.e. ÍMAT, MSU agus ÁSPC, ar réamhíocaíochtaí má eisítear iad chuig baill foirne ar conradh.

### Ráiteas Tuilleamh

Tabhair faoi deara nach mbeidh CSS ag cur Ráiteas Tuilleamh ar fáil ach amháin do 2018 agus do bhlianta roimhe sin. Ní bheidh sonraí a bhaineann le 2025 ar fáil ach amháin ar MoChuntas (MyAccount) ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS). Tá sé seo ag teacht leis an tuairisciú fíor-ama atá tugtha isteach (Athchóiriú ÍMAT).

## 5. An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)

Tá athrú ar struchtúr MSU do bhliain chánach 2025 (féach an tábla thíos); meabhraítear duit gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim a shocraíonn na rátaí a chuirtear i bhfeidhm agus cuireann na Coimisinéirí Ioncaim iad in iúl go díreach do CSS. Ní mór aon fhiosruithe a bhaineann leis an MSU a chur ar aghaidh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

### Na Rátaí Caighdeánacha MSU

| Rátaí Caighdeánacha agus bandaí an MSU in 2025 | |
|---|---|
| €0–€12,012 | 0.5% |
| €12,013–€27,382 | 2% |
| €27,383–€70,044 | 3% |
| €70,045 + | 8% |

Tá tuilleadh eolais maidir leis an MSU ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim.

**6. Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí**

Tá 'Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí' i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013 mar a fhoráiltear in Acht Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Rinneadh roinnt athruithe san Acht ar scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí a bhí ann roimhe sin agus ina measc bhí síneadh ar laghdú an phinsin sa tslí go bhfuil laghdú dlite ar phinsean na seirbhíse poiblí ag duine atá ar scor má fhaigheann an duine sin fostaíocht sa tseirbhís phoiblí arís, fiú nuair atá an fhostaíocht nua i réimse dhifriúil den tseirbhís phoiblí.

Is iad na réimsí atá clúdaithe ag an Scéim ná an státseirbhís, earnáil an oideachais, earnáil na sláinte, na húdaráis áitiúla, an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta, earnáil na rialála agus comhlachtaí Stáit neamhthráchtála, an tUachtarán, Teachtaí i dTithe an Oireachtais agus na Breithiúna.

In Alt 51 agus 52 den Acht leagtar amach an dualgas atá ar dhaoine dearbhuithe a dhéanamh nuair a ghlacann siad le fostaíocht, nó nuair a théann siad ar ais ag obair, sa tseirbhís phoiblí agus leagtar amach freisin na rialacháin a bhaineann le laghdú pinsin. Tá cóipeanna de na hailt ábhartha le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.examinations.ie sa rannóg 'Eolas don Fhoireann ar Conradh'. Moltar duit cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin agus eolas a chur ar

na forálacha seo. Má tá tú i dteideal ceann ar bith de na sochair phinsin a shonraítear, caithfidh tú na dearbhuithe a soláthraíodh a chomhlánú agus is féidir iad a íoslódáil ónár suíomh gréasáin. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais sa chlúdach in éineacht leis an bhfoirm chuntais chuig Rannóg an Airgeadais, CSS. Cuirfidh CSS an dearbhú ar aghaidh go dtí an t-údarás ábhartha. Ba chóir gach ceist faoin scéim seo a sheoladh chuig an Roinn a eisíonn an pinsean.

**7. ÁSPC**

Cuireann an CSS aicmí ÁSPC i bhfeidhm mar atá treoraithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tabhair do d'aire gurb é an treoir maidir le Feitheoirí na Scrúduithe ná Aicme J a chur i bhfeidhm i ngach cás. Do na ceapacháin eile is mar gheall ar na cúinsí seo a leanas a dhéanfar an cinneadh faoin aicme ÁSPC a chuirfear i bhfeidhm:

- an cineál oibre atá á dhéanamh (Obair Scrúdaitheora/Feitheora, etc.)
- an áit ina gceaptar duine (Scoileanna, Oifigí na Roinne, an Baile, eile)
- aois an íocaí faoi láthair, stádas fostaíochta reatha, an aicme a íocadh roimhe seo – soláthraíonn an t-íocaí an t-eolas seo sa cheistiúchán faoi ÁSPC ar an bhFoirm Chuntais.

**8. Foirmeacha Cuntais**

- **Ba chóir duit Foirm Chuntais a chomhlánú ar chríochnú do chuid oibre duit agus í a chur sa phost díreach chuig Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa chlúdach réamhíoctha a chuirtear ar fáil chuige sin.**

- Tá deireadh anois leis an nós a bhíodh ann nuair a chuireadh Scrúdaitheoirí a bhfoirm chuntais chuig a Scrúdaitheoir Comhairleach a chuir ar aghaidh ansin í chuig an bPríomh-Scrúdaitheoir Comhairleach.

- Seolfar amach admháil sa ríomhphost nuair a gheofar d'Fhoirm Chuntais.

- Aon fhoirm chuntais nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán, seolfar ar ais í agus beidh moill ar an íocaíocht mura dtugtar dóthain sonraí, e.g. síniú, amanna, dátaí agus fad na dturas i gcás go n-éilítear liúntas cothabhála agus taistil, admhálacha, aicme ÁSPC agus aon sonraí riachtanacha eile a luaitear ar an bhFoirm Chuntais

- Ní mór do gach ball foirne atá ar conradh a n-éileamh a chur isteach laistigh de bhliain airgeadais a gceapacháin. **Ní íocfar** aon éileamh a dhéantar níos mó ná 5 bliana ó dháta na fostaíochta.

**9. Íocaíocht na dTáillí**

- Tá comhaontú ag CSS le ceardchumainn na múinteoirí a cheanglaíonn ar CSS gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí leis an bhfoireann ar conradh a phróiseáil laistigh de 30 lá ón dáta a fhaighimid foirm chuntais atá comhlánaithe mar is ceart.

- Déantar gach iarracht éilimh ar íocaíocht ón bhfoireann ar conradh a phróiseáil chomh héifeachtúil agus is féidir, agus gach seiceáil riachtanach a dhéanamh le cinntiú go ndéantar na híocaíochtaí de réir gach polasaí agus prótacal ábhartha. Déantar réamhíocaíochtaí leis an bhfoireann ar conradh freisin agus dealaítear an tsuim sin ón tsuim a éilítear ar an bhfoirm chuntais.

- Má bhíonn éileamh mícheart nó neamhiomlán, b'fhéidir go mbeadh moill ar an íocaíocht de bharr go mbeidh céimeanna breise i gceist chun aon fhadhbanna a réiteach.

- De réir Thuarascáil Bhliantúil 2023, fostaítear tuairim is 14,472 ball foirne ar conradh le róil éagsúla a chomhlíonadh: Feitheoir, Scrúdaitheoir sna Béaltrialacha, sna Trialacha Praiticiúla agus sna Scrúduithe Scríofa, agus róil éagsúla i bhforbairt na scrúdpháipéar. Cuirtear maoiniú ar fáil do na scoileanna freisin le haghaidh riar na scrúduithe agus le haghaidh na mball foirne a cheaptar go háitiúil. Déantar íocaíochtaí leis an bhfoireann ar conradh agus leis na scoileanna nuair a chuirtear isteach foirmeacha cuntais (foirmeacha éilimh). Seoltar a bhformhór mór sin chuig CSS in imeacht na gearrthréimhse ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair.

- Is gnách éilimh na foirne ar conradh a phróiseáil de réir chineál an cheapacháin sa chéad áit, e.g. Scrúdaitheoirí sna Béaltrialacha nó sna Trialacha Praiticiúla, Feitheoir, Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Scríofa, agus de réir an dáta a fhaighimid an fhoirm chuntais.

**10. Íocaíochtaí Eile**

- Ba chóir sonraí postais agus glaonna gutháin a scríobh ar an bhfoirm chuntais. Ní mór admháil a bheith ag gabháil le gach éileamh ar aisíoc postais.

- Má dhéantar éileamh ar íocaíocht as nithe a cheannaítear, ní mór faomhadh scríofa an Bhainisteora Scrúduithe agus Measúnaithe ábhartha a chur in éineacht leis an éileamh. Ní mór admháil a bheith ag gabháil le gach éileamh ar nithe a cheannaítear. **NÍ ÍOCFAR AON AIRGEAD NUAIR NACH gCUIRTEAR ADMHÁIL AGUS FAOMHADH SCRÍOFA AR FÁIL.**

- Forchoimeádann CSS de cheart aige féin aon ró-íocaíocht a dhéantar a fháil ar ais.

Má tá ceist ar bith agat faoina bhfuil san fhógra seo, cuir teachtaireacht ríomhphoist chuig an seoladh **financial@examinations.ie**.

**Yvonne Shanley**
**Príomh-Oifigeach Cúnta**
**31 Eanáir 2025**